snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

### CLEACHTAÍ CAINTE

# SCÉALTA BUNAITHE AR FHÍSEÁIN

## Aidhm

Ag cumadh scéalta bunaithe ar fhíseáin ghearra.

Is féidir físeáin ghearra (gan fuaim / gan focail) a mhaireann cúpla soicind ar fhad a fháil laistigh d'aipeanna mar *Canva*. Bíonn siad áisiúil chun cleachtaí cainte a struchtúrú sa seomra ranga ar líne.

## Treoir

Roghnaigh idir 1-3 físeán le taispeáint sa seomra ranga ar líne. Don ghníomhaíocht seo, is fearr físeáin nach bhfuil fuaim / caint iontu.

Cuir na foghlaimeoirí ag obair i ngrúpaí sna seomraí ar leithligh chun scéalta a chumadh bunaithe ar na físeáin. Bheadh réamhullmhúchán ar an stór focal ag teastáil roimh ré.

## Forbairt / Nótaí

Is féidir na grúpaí beaga ar fad a chur ag cumadh scéil faoin bhfíseán céanna ar mhaithe le comparáid a dhéanamh idir na scéalta ar fad a cumadh faoin bhfíseán céanna. Bíonn sé seo éifeachtach má tá an físeán bunaithe ar thopaic ar leith atá faoi chaibidil. Mar shampla: sa topaic 'Cúrsaí Oibre' go dtaispeánfaí físeán atá in oifig, cuir i gcás, chun go mbeadh deis ag na foghlaimeoirí an stór focal cuí a bhaineann leis an topaic sin a úsáid agus a chleachtadh.